Gael Linn

Fógra

Fógraíonn Gael Linn post bainistíochta ar leibhéal sinsearach san eagraíocht. Beifear ag súil le:

Cáilíochtaí Riachtanacha:

- Ardscileanna eagrúcháin agus riaracháin
- Taithí de ar a laghad 10 mbliain ar bhainistíocht foirne agus tograí
- Líofacht Gaeilge agus Béarla, idir labhairt agus scríobh, chomh maith le dea-scileanna cumarsáide
- Bheith in ann feidhmiú mar chuid d'fhoireann nó go haonarach i mbun dualgais
- Láncheadúnas tiomána agus teacht ar charr
- Tuiscint áirithe ar earnáil na Gaeilge, an earnáil oideachais, agus an earnáil chultúrtha.

Ar na cúraimí beidh:

i. Sraith d'imeachtaí seach-churaclaim a éascú agus a chomhordú a spreagfaidh daltaí scoile de gach aois agus a bhfuil raon leathan de leibhéil chumais sa Ghaeilge acu le húsáid a bhaint as an Ghaeilge;
ii. A chinntiú go mbíonn teacht trí Ghaeilge ar thionscnaimh sheach-churaclaim de chuid foras eile dírithe ar dhaltaí scoile nó go mbíonn gné Ghaeilge iontu;
iii. Sraith d'imeachtaí dírithe ar scoláirí tríú leibhéal a spreagadh agus a chomhordú;
iv. Tacú le tionscadail chomhpháirtíochta ardaithe feasachta a bheidh Conradh na Gaeilge a stiúradh le haird an phobail a dhíriú ar úsáid na Gaeilge i measc daoine óga; agus
v. Buiséadú ar gach chostas do na himeachtaí
Eagrú agus bainistiú ar gach gné de na himeachtaí

vi. Bainistiú a dhéanamh ar fhoireann na rannóige, an fhoireann réigiúnach san áireamh

vii. Earcú a dhéanamh ar oibrithe saorchonartha, ar mholtóirí agus ar shiamsóirí de réir mar is cuí.

Tá an post seo ar leibhéal Ard Oifigeach Feidhmiúcháin (ó dheas). Iarratais roimh 14 Nollaig chuig Máire Harris, 35 Sráid an Dáma, Baile Átha Cliath 2, nó maireh@gael-linn.ie.

Urraithe ag
Foras na Gaeilge